



Fadhbanna ag Mic Léinn in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

Eochairfhocail: campas, léachtaí, lóistín, an costas maireachtála, ardú suntasach
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fáth a mbíonn mic léinn ag cailleadh á gcuid léachtaí in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan?
2. Ainmnigh áit amháin a bhfuil campas ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan?
3. Cén t-ainm atá ar an suirbhé a rinneadh ar na mic léinn?
4. An mó faoin gcéad de mhic léinn a dtogann sé níos mó ná uair an chloig orthu teacht go dtí an ollscoil ar maidin?
5. Cad a bhí ar Sophie a dhéanamh chun fanacht i lóistín i dTrá Lí?
6. Ainmnigh rud amháin ar léirigh mic léinn na hollscoile a míshástacht faoi níos luaithe i mbliana, i mí Mheán Fómhair?
7. Ainmnigh dream amháin daoine ar a gcuireann Alan O'Brien an locht as cruatan na mac léinn?
8. Cén post atá ag Alan O'Brien in Aontas na Mac Léinn MTU?



Fadhbanna ag Mic Léinn in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan


Eochairfhocail: campas, léachtaí, lóistín, an costas maireachtála, ardú suntasach
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: An Costas Mairechtála; líon na bearnaí

Éirinn, ardú, praghsanna, earraí, Meiriceá, saineolaithe, eacnamaíochta, streachailt

Tá an-chuid daoine ag _____ leis an gcostas maireachtála in Éirinn faoi láthair. Tá _____ earraí ag dul i méid bliana i ndiaidh bliana le tamall de bhlianta anuas. Tá ráta boilscithe de 4.3% againn san am i láthair agus níl tuarastail an-chuid oibrithe ag ardú ag an leibhéal sin mar sin tá daoine agus teaghlaigh in _____ ag streachailt go mór. Deir na _____ ar chúrsaí eacnamaíochta gurb iad an cogadh a d'fhear _____ ar an laráin ag tús na bliana 2026 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin sa bhliain 2022 is cúis leis an _____ mór seo ar phraghsanna. Tá an-chuid éiginnteachta agus leochaileacht _____ann anois timpeall an domhain agus cruthaíonn sé sin ardú praghsanna ar _____.

Fadhbanna ag Mic Léinn in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan




Eochairfhocail: campas, léachtaí, lóistín, an costas maireachtála, ardú suntasach
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Samhlaigh gur mac léinn tú in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus go mbíonn ort a bheith ag taisteal i bhfad gach lá le freastal ar léachtaí. Déan cur síos ar an ngnáthlá a bhíonn agat agus tú ag freastal ar an ollscoil. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 70 focal nó mar sin sa chur síos.

Ag breacadh an lae	Turas mór fada
Tuirseach traochta	Déanach de shíor
Bíonn na léachtóirí mí-shásta	Déanach san oíche
Saol sóisialta	Ag cailleadh amach

Fadhbanna ag Mic Léinn in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan



Freagraí:

1. Bíonn orthu turais fhada a dhéanamh/easpa tithíochta gar don champas/easpa iompair phoiblí
2. Corcaigh/Ciarraí/Trá Lí
3. Suirbhé Comaitéireachta Aontas na Mac Léinn MTU 2026
4. 11%
5. Dul go dtí an comhar creidmheasa agus iasacht a fháil le híoc as an lóistín
6. An costas maireachtála, an córas iompair, easpa lóistín agus an t-ardú suntasach atá tagtha ar chíos
7. An Rialtas, údaráis na hollscoile agus ar an Údarás Náisiúnta Iompair
8. Oifigeach Leasa

Tá an-chuid daoine ag streachailt leis an gcostas maireachtála in Éirinn faoi láthair. Tá praghsanna earraí ag dul i méid bliana i ndiaidh bliana le tamall de bhlianta anuas. Tá ráta boilscithe de 4.3% againn san am i láthair agus níl tuarastail an-chuid oibrithe ag ardú ag an leibhéal sin mar sin tá daoine agus teaghlaigh in Éirinn ag streachailt go mór. Deir na saineolaithe ar chúrsaí eacnamaíochta gurb iad an cogadh a d'fhear Meiriceá ar an laráin ag tús na bliana 2026 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin sa bhliain 2022 is cúis leis an ardú mór seo ar phraghsanna. Tá an-chuid éiginnteachta agus leochaileacht eacnamaíochta ann anois timpeall an domhain agus cruthaíonn sé sin ardú praghsanna ar earraí.